# Gníomhaíocht Chéadfach

**Tá an áis seo bunaithe ar fhíseán lá 1 Sheachtain na Food Dudes don leibhéal sóisearach. Tá nasc idir an áis seo agus curaclam teanga na bunscoile do naíonáin shóisearacha, do naíonáin shinsearacha agus do dhaltaí rang a haon.**

## Físteachtaireacht:

Tá míniú tugtha i bhfíseán lá 1 don leibhéal sóisearach ar chineálacha éagsúla torthaí agus glasraí. Déantar plé ar na tréithe atá ag torthaí agus glasraí ar leith agus déantar cur síos orthu.

Tá nasc idir an ghníomhaíocht seo agus an **réimse curaclaim** seo a leanas: Teanga bunscoile > teanga ó bhéal > teanga a fhiosrú agus a úsáid.

## Príomhthorthaí Foghlama:

Rangú, athinsint agus mionléiriú; úsáid spraíúil, chruthaitheach a bhaint as teanga; cur síos, réamhinsint agus athmhachnamh.

## Treoir don Mhúinteoir

**Cuid 1:**

1. Gheobhaidh na páistí torthaí agus glasraí Lá 1 inniu – mealbhacán agus piobar dearg.
2. Tabhair spreagadh do na páistí a gcéadfaí uile a úsáid agus iad ag baint triail as na bianna.
3. Agus an bhileog don ghníomhaíocht chéadfach thíos in úsáid agat, iarr ar na daltaí cur síos ar thréithe céadfacha na dtorthaí agus na nglasraí agus/nó iad a scríobh ar an mbileog ghníomhaíochta.

**Cuid 2:**

1. Cuir bosca mistéirí, a bhfuil poll ann, ag barr an ranga. Cuirfidh na daltaí a lámh isteach ann ach ní bheidh siad in ann a fheiceáil cad é atá istigh ann.
2. Cuir toradh nó glasra iomlán sa bhosca, nó gearr ina dhá leath iad.
3. Roghnaigh dalta amháin ag an am chun teacht aníos agus a lámh a chur sa bhosca agus cur síos a dhéanamh ar an rud a mhothaíonn siad.
4. Féadfaidh na daltaí eile a lámh a chur in airde agus ceisteanna a chur chun a fhiosrú céard atá sa bhosca.
5. Socraigh go mbeidh éagsúlacht torthaí agus glasraí sa bhosca.

# Gníomhaíocht Chéadfach



**Na hábhair a bheidh de dhíth:** bosca cairtchláir a bhfuil poll amháin ann; torthaí agus glasraí éagsúla.

**Samplaí** de thorthaí agus glasraí a bhféadfaí iad a úsáid: cíobhaí, banana, sméar dubh, péitseog, brocailí, soilire, piseanna mange-tout, pónairí glasa – bheadh aon chineál toraidh nó glasra oiriúnach don cheacht seo!

**Ceisteanna samplacha:**

- ✔ An toradh é nó an glasra é?
- ✔ Conas a mhothaíonn sé i do lámh?
- ✔ An bhfuil sé crua/bog?
- ✔ An bhfuil sé mín nó cnapánach?
- ✔ An bhfuil sé garbh ar an taobh amuigh?
- ✔ An bhfuil sé fliuch nó tirim?




Nuair a bheidh an freagra ceart ag na daltaí, tig leo tuilleadh fiosraithe a dhéanamh ar an mbia i ngrúpaí. Tabhair spreagadh do na daltaí plé a dhéanamh ar gach toradh agus glasra bunaithe ar na cúig céadfaí.

- ✔ Cén dath atá air?
- ✔ An bhfuil sé cruinn / fada / mór / beag?
- ✔ Cén boladh atá air?
- ✔ An bhfuil boladh créafóige air?
- ✔ An bhfuil blas milis / géar / searbh / úr air?

# Gníomhaíocht Chéadfach

Seachtain na Food Dudes

Tá torthaí agus glasraí úra tugtha isteach ag na Food Dudes inniu. Bain úsáid as do chúig chéadfaí agus líon an bhileog thíos.

| | | |
|---|---|---|
| **Cuimhnigh: Tá sé tábhachtach bheith ag éisteacht agus tú ag ithe!** |  |  |
| **Feicim**  | | |
| **Bolaím**  | | |
| **Mothaím**  | | |
| **Blaisim**  | | |
| **Cloisim**  | | |